C/2025/3989

20.8.2025

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

an 8 Iúil 2025

maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Liotuáine

(C/2025/3989)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

Breithnithe ginearálta

(1) Le Rialachán (AE) 2024/1263, a tháinig i bhfeidhm an 30 Aibreán 2024, sonraítear cuspóirí an chreata rialachais eacnamaíoch, creat a bhfuil sé d'aidhm aige airgeadas poiblí inbhuanaithe fónta agus fás cuimsitheach inbhuanaithe agus athléimneacht a chur chun cinn trí athchóirithe agus infheistíochtaí, agus easnaimh iomarcacha rialtais a chosc. Sonraítear sa Rialachán go ndéanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún faireachas iltaobhach i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh i gcomhréir leis na cuspóirí agus na ceanglais a leagtar amach in CFAE. Áirítear sa Seimeastar Eorpach, go háirithe, foirmliú na moltaí tírshonracha agus faireachas ar chur chun feidhme na moltaí sin. Leis an Rialachán, cuirtear úinéireacht náisiúnta i leith an bheartais fhioscaigh chun cinn, agus béim á leagan ar an bhfócas meántéarmach a bhaineann leis an mbeartas céanna, agus i dteannta leis sin cuirtear forfheidhmiú níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí chun cinn chomh maith. Ní mór do gach Ballstát plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta a chur faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin, plean ina mbeidh a chuid gealltanas fioscach, athchóiriúcháin agus infheistíochta, thar thréimhse 4 nó 5 bliana, de réir fhad an téarma reachtaigh náisiúnta. Ní mór an chonair ghlanchaiteachais ([2]) sna pleananna sin ceanglais an Rialacháin a chomhlíonadh, lena n-áirítear na ceanglais ollfhiachas rialtais a chur nó a choimeád ar chonair inchreidte anuas faoi dheireadh na tréimhse coigeartúcháin, nó go bhfanfaidh sé ar leibhéil stuama faoi bhun 60 % den olltáirgeacht intíre (OTI), agus an t-easnamh rialtais ghinearálta a thabhairt agus/nó a choimeád faoi bhun luach tagartha an Chonartha, is é sin 3 % de OTI, sa mheántéarma. I gcás ina dtugann Ballstát gealltanas i leith sraith ábhartha d'athchóirithe agus infheistíochtaí i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach sa Rialachán, féadtar síneadh suas le 3 bliana a chur leis an tréimhse choigeartúcháin.

([1]) IO L 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj.

([2]) Glanchaiteachas mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2) de Rialachán (AE) 2024/1263: ciallaíonn 'glanchaiteachas' caiteachas rialtais atá glan ar na rudaí seo a leanas: (i) caiteachas úis; (ii) bearta lánroghnacha ioncaim; (iii) caiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais; (iv) caiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas; (v) gnéithe timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta; agus (vi) bearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

(2) Tháinig Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), lenar bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ('an tSaoráid'), i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021. Leis an tSaoráid cuirtear tacaíocht airgeadais ar fáil do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun feidhme, agus soláthraítear spreagadh airgeadais atá maoinithe ag an Aontas. I gcomhréir le tosaíochtaí an tSeimeastair Eorpaigh um chomhordú an bheartais eacnamaíoch, déanann an tSaoráid an téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta a chothú, agus spreagann sí athchóirithe agus infheistíochtaí inbhuanaithe an tráth céanna, go háirithe athchóirithe agus infheistíochtaí trína gcuirtear an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach chun cinn agus trína gcuirtear le hathléimneacht gheilleagair na mBallstát. Cuidíonn sí freisin ó thaobh an t-airgeadas poiblí a neartú agus borradh a chur faoin bhfás agus faoi chruthú post sa mheántéarma agus san fhadtéarma, ó thaobh an comhtháthú críochach a fheabhsú laistigh den Aontas agus ó thaobh tacú le cur chun feidhme leanúnach Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

(3) Is é is aidhm do Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) ('Rialachán REPowerEU'), a glacadh an 27 Feabhra 2023, deireadh a chur, de réir a chéile, le spleáchas an Aontais ar allmhairí breosla iontaise ón Rúis. Cuidíonn sé sin ó thaobh slándáil fuinnimh a bhaint amach agus ó thaobh soláthar fuinnimh an Aontais a éagsúlú, agus an tráth céanna, cuireann sé le glacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh, le hacmhainneachtaí stórála agus le héifeachtúlacht fuinnimh.

(4) An 14 Bealtaine 2021, chuir an Liotuáin a plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2021/241. De bhun Airteagal 19 den Rialachán sin, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V. An 28 Iúil 2021, ghlac an Chomhairle a Cinneadh Cur Chun Feidhme lena bhformheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Liotuáine ([5]) a leasaíodh de réir Airteagal 18(2) an 9 Samhain 2023 chun an ranníocaíocht uasta airgeadais le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha a thabhairt cothrom le dáta, agus chun an chaibidil REPowerEU a chur san áireamh ([6]). Chun go scaoilfear na tráthchodanna, caithfidh cinneadh a bheith glactha ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 24(5), ina sonraítear go bhfuil na clocha míle agus na spriocanna ábhartha a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle bainte amach go sásúil ag an Liotuáin. Ní féidir gnóthú sásúil a bheith i gceist ach sa chás nach ndeachthas siar ar ghnóthú na gcloch míle agus na spriocanna roimhe sin maidir leis an athchóiriú céanna nó an infheistíocht chéanna.

(5) An 8 Iúil 2025, ar mholadh ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle moladh lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na Liotuáine ([7]). Cuireadh an plean isteach i gcomhréir le hAirteagal 11 agus le hAirteagal 36(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2024/1263, cumhdaíonn sé an tréimhse ó 2025 go 2029 agus cuireann sé i láthair coigeartú fioscach thar 4 bliana.

(6) An 26 Samhain 2024 ghlac an Coimisiún tuairim maidir le dréachtphlean buiséadach na Liotuáine 2025. An dáta céanna, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]), ghlac an Coimisiún Tuarascáil 2025 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil nár shainaithin go bhfuil an Liotuáin ar cheann de na Ballstáit a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. Ghlac an Coimisiún moladh freisin le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2025, ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus ar phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro ([9]) an 13 Bealtaine 2025 agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht an 10 Márta 2025.

([3]) Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj).

([4]) Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755 agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/435/oj).

([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Liotuáine (10477/2021).

([6]) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 23 Samhain 2023 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Liotuáine (14637/2023).

([7]) Moladh ón gComhairle an 8 Iúil 2025 lena bhformhuinítear plean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta na Liotuáine (IO C, C/2025/3959, 20.8.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/3959/oj).

([8]) Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú (IO L 306, 23.11.2011, lch. 25).

([9]) Moladh ón gComhairle an 13 Bealtaine 2025 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro (IO C, C/2025/2782, 22.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/2782/oj).

(7) An 29 Eanáir 2025 d'fhoilsigh an Coimisiún an Compás Iomaíochais, creat straitéiseach arb é is aidhm dó borradh a chur faoi iomaíochas domhanda an Aontais sna 5 bliana amach romhainn. Sainaithnítear ann na trí riachtanas chlaochlaitheacha a bhaineann le fás eacnamaíoch inbhuanaithe: (i) an nuálaíocht; (ii) an dícharbónú agus an t-iomaíochas; agus (iii) an tslándáil. Chun an bhearna nuálaíochta a dhúnadh, tá sé d'aidhm ag an Aontas nuálaíocht thionsclaíoch a chothú, tacú le fás gnólachtaí nuathionscanta trí thionscnaimh amhail an Straitéis AE um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú, agus glacadh ardteicneolaíochtaí a chur chun cinn, an intleacht shaorga agus an ríomhaireacht chandamach, cuir i gcás. Ar mhaithe le geilleagar níos glaise a bhaint amach, tá Plean Gníomhaíochta cuimsitheach um Fhuinneamh Inacmhainne agus Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan leagtha amach ag an gCoimisiún, rud a áiritheoidh go mbeidh an t-aistriú chuig fuinneamh glan costéifeachtach, fabhrach don iomaíochas i gcónaí, go háirithe i gcás earnálacha dianfhuinnimh, agus ina spreagadh don fhás. Chun spleáchais iomarcacha a laghdú agus an tslándáil a mhéadú, tá an tAontas tiomanta do chomhpháirtíochtaí trádála domhanda a neartú, do shlabhraí soláthair a éagsúlú agus do rochtain ar amhábhair chriticiúla agus ar fhoinsí fuinnimh glana a áirithiú. Is iad na cumasóirí cothrománacha seo a leanas atá ina mbonn taca ag na tosaíochtaí sin — simpliú rialála, doimhniú an mhargaidh aonair, maoiniú iomaíochais agus Aontais Coigiltis agus Infheistíochta, cur chun cinn scileanna agus poist ardcháilíochta, agus comhordú níos fearr ar bheartais an Aontais. Tá an Compás Iomaíochais ailínithe leis an Seimeastar Eorpach, rud a áirithíonn go bhfuil beartais eacnamaíocha na mBallstát comhsheasmhach le cuspóirí straitéiseacha an Choimisiúin, ionas go bhfuil cur chuige aontaithe ann maidir le rialachas eacnamaíoch lena gcothaítear fás inbhuanaithe, nuálaíocht agus athléimneacht ar fud an Aontais.

(8) In 2025, beidh an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch ag forbairt leis de réir mar a bheidh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta á cur chun feidhme. Tá cur chun feidhme iomlán na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta fós riachtanach chun go mbainfear amach na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar Eorpach, ós rud é go gcuidíonn na pleananna ó thaobh aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le blianta beaga anuas, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Tá na moltaí tírshonracha sin fós chomh hábhartha céanna maidir leis an measúnú ar phleananna téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241.

(9) Na príomhdhúshláin beartais eacnamaíoch nach dtugtar aghaidh orthu go leordhóthanach leis na bearta atá sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta, cumhdaíonn moltaí tírshonracha 2025 iad, agus na dúshláin ábhartha a sainaithníodh i moltaí tírshonracha 2019-2024 á gcur san áireamh.

(10) An 4 Meitheamh 2025, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2025 don Liotuáin. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar an dul chun cinn atá déanta ag an Liotuáin ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha agus rinneadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Liotuáine a mheas. I bhfianaise na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre na dúshláin is práinní atá le sárú ag an Liotuáin. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn na Liotuáine ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna 2030 an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú an eisiata shóisialta agus na bochtaineachta a bhaint amach, mar aon leis an dul chun cinn ó thaobh Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

Measúnú ar an Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn

(11) An 8 Iúil 2025, mhol an Chomhairle na huasrátaí fáis glanchaiteachais seo a leanas le haghaidh na Liotuáine: 6,1 % in 2025, 5,2 % in 2026, 4,8 % in 2027, 4,5 % in 2028 agus 4,3 % in 2029, rátaí a chomhfhreagraíonn do na huasrátaí fáis carnacha arna ríomh faoi threoir 2024, mar atá 6,1 % in 2025, 11,6 % in 2026, 17,0 % in 2027, 22,3 % in 2028 agus 27,5 % in 2029. An 30 Aibreán 2025, chuir an Liotuáin a Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn ([10]), isteach maidir le sonraí olltoraidh agus réamh-mheastacháin fioscacha ábhartha agus maidir le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagraítear do na príomhdhúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha an tSeimeastair Eorpaigh. An Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, is léiriú freisin í ar thuairisciú débhliantúil na Liotuáine i ndáil leis an dul chun cinn atá déanta maidir lena plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach i gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241.

(12) Is dúshlán eiseach don Aontas Eorpach é an cogadh foghach atá an Rúis a chur ar an Úcráin agus a iarmhairtí. Mhol an Coimisiún clásal éalaithe náisiúnta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a ghníomhachtú ar bhealach comhordaithe chun tacú le hiarrachtaí an Aontais méadú tapa suntasach ar chaiteachas cosanta a bhaint amach. Ba dhíol sásaimh do Chomhairle Eorpach an 6 Márta 2025 an togra sin. Arna iarraidh sin don Liotuáin an 2 Bealtaine 2025, an 8 Iúil 2025 agus ar mholadh ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle moladh lena gceadaítear don Liotuáin imeacht ó uasrátaí fáis molta an ghlanchaiteachais agus iad a shárú ([11]).

([10]) Tá Tuarascálacha Bliantúla 2025 ar Dhul Chun Cinn ar fáil ar: https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-and-fiscal-governance/stability-and-growth-pact/preventive-arm/annual-progress-reports_en?prefLang=ga.

([11]) Moladh ón gComhairle an 8 Iúil 2025 lena gceadaítear don Liotuáin imeacht ó uasrátaí fáis an ghlanchaiteachais arna leagan síos ag an gComhairle faoi Rialachán (AE) 2024/1263 (Gníomhachtú an chlásail éalaithe náisiúnta) (IO C, C/2025/3969, 20.8.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/3969/oj).

(13) Ar bhonn sonraí atá fíoraithe ag Eurostat ([12]), tháinig méadú ar easnamh rialtais ghinearálta na Liotuáine ó 0,7 % de OTI in 2023 go 1,3 % in 2024, agus tháinig laghdú ar an bhfiachas rialtais ghinearálta ó 37,3 % de OTI ag deireadh 2023 go 38,2 % ag deireadh 2024. De réir ríomhanna an Choimisiúin, comhfhreagraíonn na forbairtí sin do ráta fáis glanchaiteachais 10,7 % in 2024. Sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, measann an Liotuáin gurb é 10,5 % an fás glanchaiteachais in 2024. Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach ([13]), lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, bhí staid fhioscach fhorleathnaitheach ann in 2024, mar atá 1,6 % de OTI.

(14) De réir na Tuarascála Bliantúla ar Dhul Chun Cinn, sa chás maicreacnamaíoch atá mar bhonn taca le réamh-mheastacháin bhuiséadacha na Liotuáine, tá coinne le fás fíor-OTI 2,8 % in 2025 agus 1,5 % in 2026, agus réamh-mheastar go mbeidh boilsciú ICPT 3,3 % ann in 2025 agus boilsciú ICPT 2,4 % ann in 2026. Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún go bhfásfaidh an fíor-OTI faoi 2,8 % in 2025 agus faoi 3,1 % in 2026, agus go mbeidh boilsciú ICPT 2,6 % ann in 2025 agus 1,2 % in 2026.

(15) Sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, meastar go dtiocfaidh méadú ar an easnamh rialtais ghinearálta go 2,8 % de OTI in 2025, agus tá an cóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI le méadú go 42,4 % faoi dheireadh 2025. Comhfhreagraíonn na forbairtí sin d'fhás glanchaiteachais 9,9 % in 2025. Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún go mbeidh easnamh rialtais ghinearálta 2,3 % de OTI ann in 2025. Léiríonn an méadú ar an easnamh in 2025 caiteachas rialtais atá ag dul i méid ar shochair shóisialta, infheistíochtaí poiblí, tomhaltas idirmheánach, cúiteamh d'fhostaithe agus caiteachas úis den chuid is mó. De réir ríomhanna an Choimisiúin, comhfhreagraíonn na forbairtí sin d'fhás glanchaiteachais 9,0 % in 2025. Na réamh-mheastacháin níos ísle sin ar fhás glanchaiteachais ná mar atá sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn agus an difríocht idir comhardú rialtais ghinearálta atá réamh-mheasta ag an gCoimisiún agus ag an Liotuáin, is é is cúis leo réamh-mheastachán níos ísle ar chaiteachas rialtais ghinearálta ar thomhaltas idirmheánach agus ar infheistíocht i réamhaisnéis earraigh 2025 ón gCoimisiún. Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach, lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, réamh-mheastar go mbeidh staid fhioscach fhorleathnaitheach ann in 2025, mar atá 1,7 % de OTI. Meastar go dtiocfaidh méadú go 41,2 % ar an gcóimheas fiachais rialtais ghinearálta-OTI faoi dheireadh 2025, de réir réamhaisnéis an earraigh 2025 ón gCoimisiún. An méadú ar an gcóimheas fiachais–OTI in 2025, léiríonn sé go príomha an t-easnamh sa bhuiséad mar aon le coigeartuithe sreabhaidh i leith stoic.

(16) Meastar go maoineofar caiteachas rialtais ghinearálta a dhéanann suas níos lú ná 1,2 % de OTI le tacaíocht neamh-inaisíoctha ('deontais') ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta in 2025, i gcomparáid le 0,5 % de OTI in 2024, de réir réamhaisnéis an earraigh 2025 ón gCoimisiún. Le caiteachas a mhaoinítear le tacaíocht neamh-inaisíoctha ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, beifear in ann infheistíocht ardcháilíochta agus athchóirithe lena gcuirfear leis an táirgiúlacht a dhéanamh gan tionchar díreach a imirt ar chomhardú rialtais ghinearálta agus fiachas na Liotuáine.

(17) 1,8 % de OTI in 2021, 2,1 % in 2022 agus 2,5 % in 2023, ba é sin an caiteachas cosanta rialtais ghinearálta sa Liotuáin ([14]). De réir réamhaisnéis an earraigh 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go gcaithfear 2,8 % de OTI in 2024 agus 3,2 % de OTI in 2025 ar an gcosaint. Comhfhreagraíonn sé sin do mhéadú 1,4 pointe céatadáin de OTI i gcomparáid le 2021. Measann an Liotuáin go gcaithfear 2,8 % de OTI ar an gcosaint in 2024 agus 3,3 % de OTI uirthi in 2025. Le linn na tréimhse ina ngníomhachtófar an clásal éalaithe náisiúnta (2025-2028), beidh an Liotuáin ann tosaíocht a thabhairt an athuair do chaiteachas rialtais nó ioncam rialtais a mhéadú ionas nach gcuirfí an inbhuanaitheacht fhioscach i mbaol sa mheántéarma i ngeall ar chaiteachas níos airde go marthanach ar an gcosaint.

(18) De réir réamhaisnéis an earraigh 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go bhfásfaidh an glanchaiteachas sa Liotuáin faoi 9,0 % in 2025. Ar bhonn réamhaisnéis an earraigh 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go mbeidh glanfhás caiteachais na Liotuáine in 2025 os cionn an uasráta fáis a mholtar, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall ([15]) 1,0 % de OTI in 2025. Mar sin féin, tá an diall réamh-mheasta laistigh de sholúbthacht an chlásail éalaithe náisiúnta bunaithe ar réamh-mheastacháin reatha maidir le caiteachas cosanta.

([12]) Táscairí Eurostat-Euro, 22.4.2025.

([13]) Sainmhínítear an staid fhioscach mar thomhas ar an athrú bliantúil ar riocht buiséadach foluiteach an rialtais ghinearálta. Is é is aidhm dó measúnú a dhéanamh ar an spreagadh eacnamaíoch a eascraíonn as beartais fhioscacha, idir na cinn sin a mhaoinítear go náisiúnta agus na cinn a mhaoinítear le buiséad an Aontais. Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an difríocht idir (i) an fás féideartha meántéarmach agus (ii) an t-athrú ar chaiteachas príomhúil glan ar bhearta ioncaim lánroghnacha agus lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le cistí eile an Aontais.

([14]) Eurostat, caiteachas rialtais de réir aicmiú fheidhmeanna an rialtais (COFOG). De bharr difríochtaí modheolaíochta idir sainmhínithe COFOG agus ECAT, d'fhéadfadh sé gurbh éagsúil an caiteachas atá bunaithe ar shainmhíniú COFOG leis an gcaiteachas atá bunaithe ar shainmhíniú ECAT.

([15]) Ó 2026 ar aghaidh beidh na figiúirí sin le feiceáil sa chuntas rialaithe a bhunaítear in Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2024/1263.

(19) Ní áirítear réamh-mheastacháin bhuiséadacha tar éis 2025 sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i réamhaisnéis an earraigh 2025 ón gCoimisiún easnamh rialtais ghinearálta 2,3 % de OTI in 2026. Comhfhreagraíonn na forbairtí sin d'fhás glanchaiteachais 5,8 % in 2026. Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach, lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, réamh-mheastar go mbeidh sí neodrach in 2026. Is é réamh-mheastachán an Choimisiúin go dtiocfaidh méadú go 43,9 % ar an gcóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI faoi dheireadh 2026. Den chuid is mó, léiríonn an méadú ar an gcóimheas fiachais–OTI in 2026 an comhardú rialtais ghinearálta diúltach agus coigeartuithe sreafa i leith stoic.

Príomhdhúshláin bheartais

(20) Tá caiteachas rialtais ar sheirbhísí poiblí agus ar chosaint shóisialta sa Liotuáin fós ar an gcaiteachas is ísle san Aontas, rud a chuireann teorainn le rochtain thráthúil chomhionann ar chúram sláinte, ar chosaint shóisialta, agus ar sheirbhísí riaracháin phoiblí ar ardchaighdeán. In 2023, bhí an caiteachas ar chosaint shóisialta ag 14,0 % de OTI, beagnach níos mó ná cúig phointe céatadáin níos ísle ná meán an Aontais de 19,2 % in 2023. Ina theannta sin, is cosúil go bhfuil éifeachtúlacht an chaiteachais ar chosaint shóisialta teoranta, go háirithe maidir le beartais bhreoiteachta agus mhíchumais. In 2023, leithdháil an Liotuáin 3,7 % dá OTI ar íocaíochtaí agus bearta breoiteachta agus míchumais, an ceathrú ráta is airde san Aontas. Mar sin féin, d'ainneoin leitheadúlacht chomhchosúil míchumais (27,4 % de dhaonra iomlán na Liotuáine in 2023 i gcomparáid le 26,8 % den daonra san Aontas bunaithe ar an Ionstraim Uilíche maidir le Teorannú Gníomhaíochta, GALI), ba ag an Liotuáin a bhí an tríú ráta riosca bochtaineachta ab airde do dhaoine faoi mhíchumas san Aontas in 2023. Réimse beartais eile atá tearcmhaoinithe go criticiúil is ea cúram sláinte, a fhaigheann an séú cistiú rialtais ghinearálta is ísle san Aontas, mar atá 5,3 % de OTI i gcomparáid le meán 7,4 % an Aontais in 2023. Mar thoradh ar acmhainní airgeadais neamhleora le haghaidh cúram sláinte, bíonn ardleibhéil riachtanas othar nach bhfreastalaítear orthu, go háirithe i gcás grúpaí ísealioncaim, bítear ag brath go mór ar íocaíochtaí neamh-in-aisíoctha agus ní bhítear ábalta tuarastail agus dálaí iomaíocha a thairiscint do ghairmithe cúraim sláinte. Tá seirbhísí poiblí ginearálta (amhail seirbhísí ginearálta riaracháin stáit agus bardais) tearcmhaoinithe freisin agus iad ag fáil an tríú leibhéal cistiúcháin is ísle san Aontas in 2023 (3,4 % de OTI, i gcomparáid le meán an Aontais de 5,9 %).

(21) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tacar fairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus atá le cur chun feidhme faoi 2026. Meastar go gcuideoidh siad sin ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Laistigh den tréimhse ghairid sin, tá sé ríthábhachtach cur chun feidhme éifeachtach an phlean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU, a thabhairt chun críche chun borradh a chur faoi iomaíochas fadtéarmach na Liotuáine leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, agus cothroime shóisialta á háirithiú san am céanna. Leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún NextGenerationEU – An bóthar go 2026, a glacadh an 4 Meitheamh 2025, soiléirítear an amlíne is infheidhme maidir le deireadh na Saoráide agus soláthraítear treoraíocht do na Ballstáit chun an cur chun feidhme a uasmhéadú faoin 31 Lúnasa 2026, lena n-áirítear maidir le conas a bpleananna téarnaimh agus athléimneachta a chuíchóiriú a thuilleadh, leagtar amach na príomhroghanna atá le cur san áireamh agus iad á n-athbhreithniú, agus leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé pleanáil chomhpháirteach chúramach a dhéanamh roimh ré chun na hiarrataí deiridh ar íocaíocht a chur isteach in 2026. Tá dul chun cinn déanta ag an Liotuáin cheana maidir leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí ina Plean Téarnaimh agus Athléimneachta a chur chun feidhme. Chun gealltanais an phlean téarnaimh agus athléimneachta a chomhlíonadh faoi Lúnasa 2026, tá sé ríthábhachtach don Liotuáin dlús a chur le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí trí aghaidh a thabhairt ar dhúshláin ábhartha, amhail comhar teoranta i measc údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla. Tá rannpháirtíocht chórasach na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na gcomhpháirtithe sóisialta, na sochaí sibhialta agus páirtithe leasmhara ábhartha eile ríthábhachtach i gcónaí i ndáil le húinéireacht leathan a áirithiú maidir le cur chun feidhme rathúil an phlean téarnaimh agus athléimneachta.

(22) Sa Liotuáin, tá dlús curtha le cur chun feidhme chláir an bheartais chomhtháthaithe, lena gcuimsítear tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ón gCiste um Aistriú Cóir (CUAC), ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) agus ón gCoiste Comhtháthaithe (CC). Tá sé tábhachtach leanúint de na hiarrachtaí chun cur chun feidhme tapa na gclár sin a áirithiú, agus a dtionchar ar an láthair á uasmhéadú ag an am céanna. Tá an Liotuáin ag gníomhú cheana féin faoina cláir beartais chomhtháthaithe chun borradh a chur faoin iomaíochas agus faoin bhfás agus tá an comhtháthú sóisialta á fheabhsú aici ag an am céanna. Ag an am céanna, tá dúshláin fós le sárú ag an Liotuáin, lena n-áirítear na dúshláin sin a bhaineann le feabhas a chur ar iomaíochas, athléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta, agus le héagothromaíochtaí réigiúnacha a chomhrac, le haghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht agus ar an eisiamh sóisialta, le cúram sláinte a fheabhsú, le grúpaí faoi mhíbhuntáiste a lánpháirtiú i margadh an tsaothair, agus le soláthar scileanna, go háirithe i bhfianaise a suímh ar theorainn thoir an Aontais. I gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) 2021/1060, ceanglaítear ar an Liotuáin – mar chuid den athbhreithniú meántéarma ar chistí an bheartais chomhtháthaithe – gach clár a athbhreithniú agus na dúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha 2024, i measc nithe eile, á gcur san áireamh. Leis na tograí ón gCoimisiún a glacadh an 1 Aibreán 2025 ([16]), cuirtear

([16]) Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1058 agus (AE) 2021/1056 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma - COM(2025) 123 final.

síneadh leis an spriocdháta chun measúnú a chur isteach – le haghaidh gach cláir – ar thoradh an athbhreithnithe mheántéarma tar éis an 31 Márta 2025. Cuirtear ar fáil leo freisin solúbthachtaí chun cuidiú le dlús a chur le cur chun feidhme clár agus dreasachtaí do na Ballstáit acmhainní an bheartais chomhtháthaithe a leithdháileadh ar chúig réimse tosaíochta straitéisí de chuid an Aontais, is iad sin iomaíochas i dteicneolaíochtaí straitéiseacha, cosaint, tithíocht, athléimneacht uisce agus aistriú fuinnimh, agus infheistíocht i scileanna i réimsí tosaíochta, agus, ag an am céanna, fócas á choinneáil ar dhaoine sna staideanna is leochailí de réir chláir CSE+.

(23) Deis atá san Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP) infheistíocht a dhéanamh i gceann de phríomhthosaíochtaí straitéiseacha an Aontais, is é sin iomaíochas an Aontais a neartú. Cuirtear STEP ar fáil trí 11 chiste AE atá ann cheana. Is féidir leis na Ballstáit rannchuidiú leis an gclár InvestEU freisin, clár a thacaíonn le hinfheistíochtaí sna réimsí tosaíochta. D'fhéadfadh an Liotuáin an leas is fearr a bhaint as na tionscnaimh sin chun tacú le forbairt nó monarú teicneolaíochtaí criticiúla, teicneolaíochtaí atá glan agus tíosach ar acmhainní san áireamh.

(24) Chomh maith leis na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a dtugtar aghaidh orthu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta agus i gcistí eile de chuid an Aontais, ba cheart don Liotuáin aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshlán atá fós roimpi agus a bhaineann le feabhas a chur ar rochtain ar mhaoiniú d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), forbairt réigiúnach a spreagadh, borradh a chur faoin éifeachtúlacht fuinnimh agus faoi ghlacadh fuinnimh in-athnuaite, córais cosanta sóisialta agus cúraim sláinte a neartú, agus aghaidh a thabhairt ar éagothromaíochtaí san oideachas agus i scileanna atá ábhartha don mhargadh fostaíochta.

(25) Tá srian ar fhás eacnamaíoch na Liotuáine mar gheall ar choinníollacha sriantacha iasachtaithe agus úsáid theoranta a bhaint as maoiniú seachtrach, agus tá rioscaí geopholaitiúla méadaithe sa réigiún ag cur leis na héifeachtaí diúltacha sin freisin. Tá earnáil baincéireachta na Liotuáine thar a bheith comhchruinnithe, tá rátaí iasachtaithe ard ann agus tá ceanglais chomhthaobhachta dian ann. Ó 2024 ar aghaidh, bhí srian airgeadais fós ar 13,7 % de ghnólachtaí, rud a léirítear i gcóimheas íseal 33,5 % idir iasachtaí bainc agus OTI, i gcomparáid le meán 74,5 % an Aontais. Ina theannta sin, tá margaí caipitil na Liotuáine fós tearcfhorbartha, agus doimhneacht theoranta, gníomhaíocht theoranta agus leachtacht theoranta mar shaintréith acu. Faoi dheireadh 2024, bhí caipitliú an mhargaidh cothromais cothrom le 5,9 % de OTI, go mór faoi bhun mheán 69,3 % an Aontais, ós rud é, i gcás a gcistiú seachtrach, atá teoranta cheana féin, go leanann gnólachtaí de bheith ag brath ar idirghabháil bainc seachas cistiú a mhealladh trí eisiúint stoic agus bannaí. Cuireann an spleáchas sin ar bhaincéireacht thraidisiúnta teorainn le deiseanna infheistíochta agus laghdaíonn sé spéis infheisteoirí. D'ainneoin dul chun cinn áirithe in earnáil an chaipitil fiontair, agus gnólachtaí nuathionscanta ag tiomsú EUR 292 mhilliún in 2023, tá infheistíochtaí cothromais phríobháidigh fós faoi bhun chaighdeáin an Aontais.

(26) Leis na hathruithe atá beartaithe ar an scéim pinsin dara colún, tá rioscaí i gceist a bhaineann le margaí caipitil na Liotuáine a fhorbairt a thuilleadh. Tá togra curtha i láthair ag Aireacht Slándála Sóisialta agus Saothair na Liotuáine chun deireadh a chur le clárú uathoibríoch rannpháirtithe sa scéim pinsin dara colún, agus ar an gcaoi sin bogadh i dtreo samhail um 'rogha a bheith páirteach', agus roghanna forleathana aistarraingthe a chumasú le coinníollacha scaoilte. Faoi láthair, tá thart ar EUR 9,1 billiún de choigilteas carntha ag cistí dara colún na Liotuáine (11,6 % de OTI), as a n-infheistítear thart ar EUR 1 bhilliún sa mhargadh náisiúnta. Is dócha go laghdóidh samhail um rogha a bheith páirteach in éineacht le gníomhaíochtaí beartais eile an leibhéal coigiltis sa Liotuáin, rud a d'fhéadfadh an bonn a bhaint d'fhorbairt na margaí caipitil agus rochtain ar mhaoiniú a dhéanamh níos casta.

(27) Tá leibhéil ísle gníomhaíochta nuálaí ag an Liotuáin, ag titim ar gcúl ar mheán an Aontais maidir le táscairí T & N éagsúla. Tá déine T & F sa Liotuáin (thart ar 1 % de OTI) i bhfad faoi bhun mheán an Aontais (2,25 %), arb é infheistíocht ghnó íseal in T & F is cúis leis den chuid is mó, rud a laghdaigh go 0,44 % de OTI in 2023, trí huaire níos ísle ná meán an Aontais. Ar an gcaoi chéanna, tá líon na n-iarratas ar phaitinní fós trí huaire faoi bhun mheán an Aontais. Bhí tionchar teoranta ag dreasachtaí T & F na Liotuáine, lena n-áirítear asbhaintí cánach agus rátaí laghdaithe, agus glacadh íseal leo i measc FBManna. Go háirithe, is minic nach mbíonn gnólachtaí beaga agus gnólachtaí nuabhunaithe brabúsach go leor chun tairbhe a bhaint as na dreasachtaí nó chun an t-ualach riaracháin a bhaineann le hiarratas a dhéanamh orthu agus cáiliú dóibh a sheachaint. Is gá athbhreithniú agus cuíchóiriú a dhéanamh ar na dreasachtaí chun iad a dhéanamh níos tarraingtí agus níos inrochtana do FBManna, chun tacú le hinfheistíocht phríobháideach T & F.

(28) Tá ráta na gcomhfhoilseacháin eolaíocha phoiblí-phríobháideacha sa Liotuáin fós ar cheann de na rátaí is ísle san Aontas le deich mbliana anuas, rud a léiríonn naisc laga idir an eolaíocht agus an gnó. Gné thábhachtach is ea bonn eolaíochta ilroinnte na Liotuáine, agus gníomhaíochtaí taighde scaipthe ar fud ollscoileanna éagsúla agus go leor coláistí beaga, nach mbíonn sé d'acmhainn acu páirt a ghlacadh i dtionscadail ghnó go minic. Cé go bhfuil atheagrú coláistí ar siúl faoi láthair, níl aon dreasachtaí airgeadais i bhfeidhm d'ollscoileanna chun acmhainní a chumasc agus a chomhthiomsú chun comhar i ngníomhaíochtaí taighde a mhéadú. Ba cheart dreasachtaí den sórt sin a áirithiú chun an líonra ollscoile a bharrfheabhsú agus scála leordhóthanach a bhaint amach le haghaidh barr feabhais eolaíoch, rud a d'éascódh comhar idir an eolaíocht agus gnólachtaí.

(29) Le blianta beaga anuas, tá laghdú suntasach tagtha ar chlárú san oideachas iar-mheánscoile, go háirithe i réimsí amhail an innealtóireacht agus an mhonaraíocht, rud a leathnaigh bearnaí scileanna. Tá bearta déanta ag rialtas na Liotuáine chun aghaidh a thabhairt air sin, ach tá mímheaitseáil scileanna fós ann, agus luaigh 76 % de ghnólachtaí an easpa foirne a bhfuil na scileanna cearta acu mar bhac ar infheistíocht fhadtéarmach.

(30) Tá éagothromaíochtaí réigiúnacha fós ann sa Liotuáin, rud atá níos measa mar gheall ar threochtaí táirgiúlachta saothair atá éagsúil óna chéile. Idir 2014 agus 2024, tháinig méadú thart ar 20 % ar tháirgiúlacht i Vilnias agus i mórlimistéir uirbeacha eile ach níor tháinig ach méadú 7 % uirthi i gcontaetha níos iargúlta, rud a leathnaigh bearnaí in OTI per capita, nuálaíocht agus fostaíocht ardoilte. Is í an earnáil ardteicneolaíochta is cúis le 10 % den fhostaíocht iomlán i Vilnias, i gcomparáid le 2,7 % in áiteanna eile. Meallann réigiúin uirbeacha lucht saothair ardoilte agus infheistíocht ard-bhreisluacha, ach tá micrifhiontair in earnálacha ísealfheidhmíochta sa chuid eile den tír den chuid is mó, rud a chuireann teorainn le héifeachtaí seach-iarmharta ó tháirgiúlacht agus le hioncam cánach áitiúil, agus fágann an méid sin go bhfuil sé deacair do bhardais iargúlta cúram sláinte, oideachas agus seirbhísí poiblí eile ar ardchaighdeán a chur ar fáil go héifeachtúil. Tá deis ag an Liotuáin feabhas a chur ar an nascacht réigiúnach, infheistíocht a mhealladh agus comhar idirbhardasach a neartú. Limistéir thionsclaíocha spriocdhírithe, dreasachtaí iomaíocha agus cláir oiliúna speisialaithe, tá sé léirithe go meallann siad infheistíocht choigríche agus go ngineann siad fostaíocht ardcháilíochta. Trí athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat dlíthiúil agus institiúideach le haghaidh comhar idirbhardasach agus trí straitéisí réigiúnacha a shoiléiriú — le comhar níos láidre idir bardais, an rialtas láir, soláthraithe oideachais agus gnólachtaí — chuideofaí leis an mbonn eacnamaíoch réigiúnach a uasghrádú, infheisteoirí straitéiseacha a mhealladh agus soláthar seirbhísí poiblí sna réigiúin a fheabhsú.

(31) Tá an Liotuáin fós ag brath ar fhuinneamh allmhairithe, d'ainneoin méadú suntasach ar tháirgeadh fuinnimh in-athnuaite. In 2023, b'ionann a spleáchas ar allmhairí breoslaí iontaise agus 68 %, méid atá níos airde ná meán 58,3 % an Aontais, d'ainneoin feabhsuithe le blianta beaga anuas. Maidir le leictreachas atá ar fáil le haghaidh tomhaltas deiridh, b'ionann glanallmhairí agus 62,4 % in 2023, arb é an dara sciar is airde san Aontas é. An tráth céanna, in 2024, chuir an tír 1 724 MW d'acmhainneacht giniúna nua (+ 59,6 %), arna spreagadh go príomha ag fuinneamh gréine (+ 93 %) agus fuinneamh gaoithe (+ 42 %). Mar thoradh air sin, ní mór an eangach leictreachais a oiriúnú go tapa chun freastal ar naisc nua. Cé go bhfuil dul chun cinn déanta ag an Liotuáin maidir le nósanna imeachta ceadaithe a chuíchóiriú, tógann tógáil bonneagair eangaí nua — a bhfuil gá leis chun acmhainneacht eangaí a leathnú agus rochtain a éascú — i bhfad níos faide fós ná forbairt acmhainneachta nua giniúna nó éilimh.

(32) Tógadh trí cheathrú de stoc foirgneamh na Liotuáine roimh 1992, rud a d'fhág go raibh éifeachtúlacht fuinnimh íseal agus tomhaltas fuinnimh ard ann, arna spreagadh go príomha ag riachtanais téimh agus fuaraithe, arb ionann iad agus 80 % den tomhaltas fuinnimh iomlán. D'ainneoin iarrachtaí suntasacha le blianta beaga anuas — lena n-áirítear athchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh agus tacaíocht fhioscach chun costais fuinnimh teaghlaigh a laghdú — tá bochtaineacht fuinnimh sa Liotuáin fós ar na cinn is airde san Aontas, agus 18 % de theaghlaigh nach bhfuil in ann a dtithe a choinneáil te go leor in 2024, beagnach dhá oiread mheán an Aontais de 9,2 %. Dá bhrí sin, tá deis ag an Liotuáin feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh tithe, rud a d'fhéadfadh tomhaltas fuinnimh phríomhúil agus bochtaineacht fuinnimh a laghdú. Le déanaí, tá iarrachtaí déanta ag an Liotuáin na laghduithe ar dhleacht mháil ar bhreoslaí iontaise a laghdú, dleachtanna máil ar ghás-olaí, gual, cóc agus lignít a mhéadú, dleachtanna máil ar mhóin a thabhairt isteach le haghaidh téimh, agus comhpháirt dé-ocsaíde carbóin a ionchorprú sna rátaí dleachta máil ar tháirgí fuinnimh. Mar sin féin, tá fóirdheontais breosla iontaise ábhartha nach beag aige nach bhfuil sé beartaithe deireadh a chur leo de réir a chéile roimh 2030. Go háirithe, maidir le fóirdheontais breosla iontaise nach dtugann aghaidh ar bhochtaineacht fuinnimh ar bhealach spriocdhírithe ná ar fhiorábhair imní maidir le slándáil fuinnimh, a chuireann bac ar leictriú agus nach bhfuil ríthábhachtach don iomaíochas tionsclaíoch, d'fhéadfaí é a mheas mar thosaíocht deireadh a chur leo de réir a chéile. Sa Liotuáin, fóirdheontais breosla iontaise amhail cáin mháil laghdaithe ar ghás nádúrtha a úsáideann gnólachtaí agus teaghlaigh le haghaidh téimh agus ráta cánach breisluacha laghdaithe le haghaidh spásanna cónaithe téimh, tá siad neamhéifeachtúil ó thaobh an gheilleagair de, buanaítear spleáchas ar bhreoslaí iontaise leo agus déantar leictriú san earnáil chónaithe a dhídhreasú.

(33) Tá dúshláin leanúnacha le sárú ag an Liotuáin maidir lena haistriú chuig geilleagar ciorclach. In 2023, ní raibh sa ráta úsáide ábhair chiorclaigh ach 3,9 % — trí huaire níos ísle ná meán an Aontais de 11,8 % agus i measc na gcúig ráta is ísle san Aontas. Cé go bhfuil an Liotuáin ag brath go mór ar amhábhair allmhairithe, tá foinsí na n-amhábhar sin measartha éagsúlaithe. Mar sin féin, tá lorg amhábhair na tíre, ag 22,7 tona in aghaidh an duine, i bhfad níos airde ná meán an Aontais de 14 thona in aghaidh an duine, agus astaíonn a táirgeadh tionsclaíoch thart ar aon trian níos mó gás ceaptha teasa ná meán an Aontais (360 g/EUR i gcomparáid le 270 g/EUR i gcoibhéis CO_2), d'ainneoin dul chun cinn suntasach le deich mbliana anuas. Dá bhrí sin, tá údar le haistriú chuig samhail chiorclach atá níos tíosaí ar acmhainní.

(34) Tá seanfhlít gluaisteán truaillitheach na Liotuáine fós ina phríomhchúis lena hastaíochtaí arda gás ceaptha teasa agus cuireann sé bac ar chomhlíonadh na spriocanna maidir le truailliú aeir a laghdú. In 2023, bhí 77,1 % de ghluaisteáin phríobháideacha os cionn 10 mbliana d'aois, rud a d'fhág go raibh an flít ar cheann de na flíteanna is sine san Aontas. An tráth céanna, ní raibh ach 8,2 % d'fheithiclí nuachláraithe in 2023 á n-oibriú le ceallraí, i gcomparáid le meán an Aontais de 14,5 %, rud a léiríonn aistriú mall chuig iompar astaíochtaí nialasacha. Na cánacha iompair atá bunaithe ar bhreoslaí iontaise atá ag an Liotuáin, tá siad ar chuid de na cánacha is ísle san Aontas freisin, agus tá sí ar an mbeagán tíortha nach bhfuil cáin bhliantúil acu ar thruailliú gluaisteán. In éagmais cánach den sórt sin, mar aon le bonneagar luchtaithe poiblí atá ag forbairt go mall, lagaítear dreasachtaí chun aistriú i dtreo iompar níos inbhuanaithe agus ísealastaíochtaí. Idir an dá linn, tá an t-iompar poiblí fós gan chomhordú agus neamhtharraingteach do sholáthraithe agus do phaisinéirí araon, agus an glacadh is ísle san Aontas aige; in 2022, rinneadh 92,9 % de na turais paisinéirí i ngluaisteán. Fágtar faoi na bardais, den chuid is mó, a gcórais iompair féin a fhorbairt, rud a fhágann go bhfuil forbairt mhíchothrom ann agus easpa nascachta idirthréimhsí agus idirmhódúla, pleanáil turais, agus seirbhísí fíor-riachtanacha eile do phaisinéirí.

(35) Saintréith de chóras cúraim sláinte na Liotuáine is ea ráta ard mortlaíochta inchóireáilte agus inchoiscthe, agus ionchas saoil tráth breithe atá faoi bhun mheán an Aontais. Tá ráta básmhaireachta in aois oibre níos airde ná meán an Aontais le sonrú freisin ar thorthaí an chúraim sláinte sa tír, agus tá dúshláin roimh sciar suntasach den daonra maidir le rochtain a fháil ar sheirbhísí leighis ardcháilíochta. Baineann sé sin leis an raon teoranta de sheirbhísí cúraim choiscthigh agus de sheirbhísí cúraim phríomhúil. I gcomparáid le tíortha eile san Aontas, tá sciar níos ísle den chaiteachas poiblí ar chúram sláinte ag an Liotuáin, rud a fhágann go bhfuil ualach airgeadais díréireach ar dhaoine aonair, a chumhdaíonn sciar suntasach de chostais cúraim sláinte trí íocaíochtaí neamh-in-aisíoctha, rud a chuireann le héagothromaíochtaí socheacnamaíocha i dtorthaí sláinte. Ina theannta sin, déanann ganntanas oibrithe sláinte difear do chóras cúraim sláinte na tíre, go háirithe i gceantair thuaithe, áit a mbíonn tionchar ag fásaigh leighis agus lucht saothair altranais atá ag dul in aois ar sholáthar seirbhísí cúraim sláinte. D'fhéadfadh an Liotuáin tairbhe a bhaint as na nithe seo a leanas: (i) gníomhaíocht chun níos mó oibrithe sláinte a mhealladh chun a n-infhaighteacht a mhéadú; agus (ii) infheistíochtaí chun rochtain ar chúram príomhúil agus ar chúram coisctheach a neartú.

(36) Tá dúshláin leanúnacha roimh chóras ginearálta oideachais na Liotuáine, lena n-áirítear éagothromaíochtaí i bhfeidhmíocht na mac léinn idir ceantair uirbeacha agus ceantair thuaithe. Ganntanas múinteoirí, rud atá níos measa mar gheall ar lucht saothair atá ag dul in aois, cuireann sé bac ar cháilíocht agus éifeachtúlacht an oideachais. Ó 2022 ar aghaidh, bhí beagnach 40 % de mhúinteoirí oideachais ghinearálta 55 bliana d'aois nó níos sine, arb ionann é agus an cion is airde san Aontas. Tá tarraingteacht ghairm na múinteoireachta fós íseal freisin mar gheall ar phá neamhleor agus easpa aitheantais ar thaithí a fuarthas roimh ré. Tríd an bpá ar an leibhéal iontrála a fheabhsú agus bearnaí san oideachas uirbeach-tuaithe a chúngú, d'fhéadfaí níos mó múinteoirí a mhealladh agus a choinneáil. Ag an am céanna, ábharthacht íseal an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna agus an ardoideachais don mhargadh saothair, chomh maith le hilroinnt na réamhaisnéise scileanna, cuireann sé le mímheaitseáil scileanna a chruthú i margadh an tsaothair. I Suirbhé Infheistíochta 2024 ón mBanc Eorpach Infheistíochta, luaigh 76 % de ghnólachtaí go raibh neamh-infhaighteacht ar fhoireann oilte mar bhacainn fhadtéarmach ar infheistíocht.

(37) Ós rud é go bhfuil roinnt dífhostaíocht leanúnach ann agus ganntanas lucht saothair in earnálacha áirithe, amhail an tsláinte, an riarachán poiblí, an t-iompar agus an t-airgeadas, tugtar le fios freisin go bhfuil an creat athscilithe agus uas-scilithe atá ann faoi láthair ag tearcfheidhmiú. Tá sé ríthábhachtach an fhoghlaim aosach a neartú, lena n-áirítear do dhaoine dífhostaithe, do dhaoine ar bheagán oiliúna agus do ghrúpaí leochaileacha eile, chun aghaidh a thabhairt ar mhímheaitseáil scileanna agus ar ghanntanais oibrithe, agus tacaíonn forbairt scileanna glasa le haistriú glas na Liotuáine. Thairis sin, in 2023, ghlac níos lú ná 5 % de na daoine a bhí cláraithe leis an tseirbhís dífhostaíochta páirt i mbearta stáit chun cabhrú leo obair a aimsiú (bearta beartais gníomhacha maidir leis an margadh saothair). Tá an sciar sin íseal sa Liotuáin le blianta anuas, rud a thuairiscítear a bheith i ngeall ar spéis theoranta i measc daoine dífhostaithe, go háirithe daoine faoi mhíbhuntáiste, a bheith rannpháirteach. Dá ndéanfaí an tacaíocht atá ar fáil a chur in oiriúint níos fearr do riachtanais aonair agus do dhreasachtaí eile chun páirt a ghlacadh, d'fhéadfaí sciar na ndaoine dífhostaithe a chumhdaítear le beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair a mhéadú.

(38) Tá neamhionannas ioncaim agus bochtaineacht fós ard sa Liotuáin. Tá an t-ollioncam sa Liotuáin ar cheann de na hioncaim is neamhchothroime san Aontas, agus tá éifeachtacht an chórais sochair cánach atá ann faoi láthair maidir le neamhionannas ioncaim agus bochtaineacht a laghdú ar gcúl ar mheán an Aontais. Mar thoradh air sin, bhí neamhionannas ioncaim tar éis cánach agus tairbhí fós i measc na rátaí ab airde san Aontas in 2024, agus bhí níos mó ná an cúigiú cuid de dhaonra na Liotuáine ina gcónaí faoi bhun thairseach riosca na bochtaineachta. Déantar difear go háirithe do ghrúpaí leochaileacha, amhail daoine dífhostaithe, daoine faoi mhíchumas agus daoine scothaosta (65+). D'ainneoin feabhsuithe ar leordhóthanacht pinsean, tá rioscaí suntasacha bochtaineachta fós ann do dhaoine scothaosta, agus déantar difear ar leith do mhná. Bhí an bhearna idir na hinscní sa bhochtaineacht seanaoise in 2024 substaintiúil, agus bhí ráta riosca na bochtaineachta i bhfad níos airde do mhná i gcomparáid le fir. Is i measc daoine faoi mhíchumas atá ceann de na rátaí AROP is airde (38,2 %; Meán an Aontais: 20,7 %), a léiríonn a rátaí ísle fostaíochta, agus an bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas sa Liotuáin i measc na

bearna is airde san Aontas. Tá an scéal níos measa fós mar gheall ar leordhóthanacht íseal na sochar míchumais. Tá tithíocht shóisialta fós tearcfhorbartha freisin, agus daoine ag fanacht idir 5 agus 6 bliana ar thithíocht shóisialta ar an meán. Trí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, thacófaí freisin leis an gcóineasú sóisialta aníos, i gcomhréir le hanailís tíre dara céim de sheirbhísí an Choimisiúin ar an gCreat um Chóineasú Sóisialta ([17]).

(39) I bhfianaise na ndlúth-idirnasc idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro, agus a rannchuidithe chomhchoitinn le feidhmiú an aontais eacnamaíoch agus airgeadais, in 2025 mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta i measc rudaí eile, chun Moladh 2025 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro a chur chun feidhme. I gcás na Liotuáine, cuidíonn moltaí (2), (3), (4) agus (6) le cur chun feidhme an chéad mholta maidir leis an limistéar euro i dtaca le hiomaíochas, cuidíonn moltaí (3), (4), (5) agus (6) le cur chun feidhme an dara moladh maidir leis an limistéar euro i dtaca le hathléimneacht, agus cuidíonn moltaí (1) agus (5) le cur chun feidhme an tríú moladh maidir leis an limistéar euro i dtaca le cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch agus airgeadais a leagtar amach i Moladh 2025.

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh an Liotuáin in 2025 agus in 2026 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Caiteachas agus ullmhacht fhoriomlán i réimse na cosanta agus na slándála a threisiú, agus an inbhuanaitheacht fiachais á háirithiú ag an am céanna agus i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 6 Márta 2025. Cloí le huasrátaí fáis an ghlanchaiteachais a mhol an Chomhairle an 8 Iúil 2025, agus úsáid á baint as an liúntas faoin gclásal éalaithe náisiúnta le haghaidh caiteachas cosanta níos airde. Maoiniú iomchuí a sholáthar le haghaidh cúraim sláinte, cosaint shóisialta agus seirbhísí poiblí ginearálta. Feabhas a chur ar chomhlíonadh cánach agus an bonn cánach a leathnú chuig foinsí nach ndéanann dochar chomh mór céanna don fhás.

2. I bhfianaise na sprioc-amanna is infheidhme chun athchóirithe agus infheistíochtaí a thabhairt chun críche go tráthúil faoi Rialachán (AE) 2021/241, dlús a chur le cur chun feidhme éifeachtach an phlean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU. Dlús a chur le cur chun feidhme chláir an bheartais comhtháthaithe (CFRE, CUAC, CSE+ agus CC), agus, i gcás inarb iomchuí, na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an athbhreithniú meántéarma a thapú agus dul chun cinn a dhéanamh dá réir. An úsáid is fearr is féidir a bhaint as ionstraimí an Aontais, na deiseanna a chuirtear ar fáil le clár InvestEU agus leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip san áireamh, chun cur leis an iomaíochas.

3. Rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, lena n-áirítear trí iomaíocht i seirbhísí airgeadais agus rannpháirtíocht i margaí airgeadais a spreagadh trí úsáid coigilteas le haghaidh infheistíochta a éascú. Infheistíocht in T&F a éascú agus tacú le hacmhainneacht nuálach, lena n-áirítear trí athbhreithniú agus cuíchóiriú a dhéanamh ar dhreasachtaí cánach atá ann cheana le haghaidh T&F, acmhainneacht institiúideach agus struchtúrach institiúidí ardoideachais agus institiúidí taighde go háirithe trí fheabhas a chur ar an líonra ollscoile chun naisc idir an gnó agus an eolaíocht a chothú, agus clárú san oideachas iar-mheánscoile i réimsí na heolaíochta, na teicneolaíochta, na hinnealtóireachta agus na matamaitice (ETIM) a dhreasú. Aghaidh a thabhairt ar éagothromaíochtaí réigiúnacha trí fheabhas a chur ar an gcreat dlíthiúil agus institiúideach chun comhar idirbhardasach agus forbairt braislí áitiúla a chur chun cinn ar mhaithe le hinfheistíochtaí a mhealladh chuig réigiúin, agus ar mhaithe le soláthar seirbhísí poiblí a fheabhsú, lena n-áirítear bealaí agus modhanna iompair phoiblí a chomhordú.

4. Spleáchas ar bhreoslaí iontaise agus ar fhuinneamh allmhairithe a laghdú a thuilleadh agus acmhainneacht leordhóthanach san eangach leictreachais agus rochtain uirthi a áirithiú d'fhonn luas tapa a choinneáil maidir le cur in úsáid fuinnimh in-athnuaite. Foirgnimh a dhéanamh níos tíosaí ar fhuinneamh chun bochtaineacht fuinnimh a laghdú, agus leanúint de ghníomhaíocht a dhéanamh chun deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais neamh-spriocdhírithe breosla iontaise, go háirithe fóirdheontais le haghaidh téimh. Táirgiúlacht acmhainní a mhéadú chun dul chun cinn a dhéanamh i dtreo geilleagar ciorclach, trí dhíriú ar éifeachtúlacht acmhainní agus ar chlaochlú agus dícharbónú an táirgthe thionsclaíoch. Glacadh an iompair phoiblí agus inbhuanaithe a mhéadú.

5. An córas sláinte a dhéanamh níos athléimní agus torthaí sláinte a fheabhsú tríd an rochtain ar chúram príomhúil agus ar chúram coisctheach a neartú agus trí infhaighteacht oibrithe sláinte a mhéadú. Aghaidh a thabhairt ar neamhionannas ioncaim, ar bhochtaineacht agus ar eisiamh sóisialta trí chumhdach, leordhóthanacht agus éifeachtacht an chórais cosanta sóisialta a mhéadú, trí dhearadh an chórais cánach a fheabhsú, trí rochtain ar thithíocht shóisialta agus ar cháilíocht na tithíochta sóisialta a fheabhsú, agus trí leordhóthanacht na bpinsean seanaoise a mhéadú, agus inbhuanaitheacht chóras na bpinsean á coinneáil ar bun ag an am céanna.

([17]) SWD(2025)95 – Anailís tíre dara céim ar chóineasú sóisialta i gcomhréir leis an gCreat um Chóineasú Sóisialta (SCF), 2025.

6. Feabhas a chur ar cháilíocht, cothromas agus éifeachtúlacht an chórais oideachais ghinearálta, go háirithe aghaidh a thabhairt ar an mbearna éachta idir ceantair uirbeacha agus ceantair thuaithe, agus tarraingteacht ghairm na múinteoireachta a mhéadú ag an am céanna chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais leanúnacha agus ar aosú sa lucht saothair. Aghaidh a thabhairt ar an mhímheaitseáil scileanna trí ábharthacht an ardoideachais don mhargadh saothair a mhéadú, sealbhú scileanna glasa a chur chun cinn, foghlaim aosach a fheabhsú lena n-áirítear do dhaoine dífhostaithe, do dhaoine ar bheagán oiliúna agus do ghrúpaí leochaileacha eile, agus cumhdach beartas gníomhach maidir leis an margadh saothair a mhéadú, agus, freisin, trí dhreasachtaí feabhsaithe chun páirt a ghlacadh ann.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Iúil 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

S. LOSE